Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12302/22

LIMITE

JUR 579
TELECOM 364
COSI 217
JAI 1155
ENFOPOL 451

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0106(COD)**

**TUAIRIM ÓN tSEIRBHÍS DLÍ**[1]

| | |
|---|---|
| ó: | An tSeirbhís Dlí |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga<br>– Oiriúnacht bhunús dlí Airteagal 114 agus Airteagal 16 CFAE i ndáil leis na forálacha is infheidhme maidir le húdaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha |

## I. RÉAMHRÁ

1. Leis an Rialachán atá beartaithe, leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le córais intleachta saorga ('córais IS') a chur ar an margadh agus a chur i mbun seirbhíse san Aontas (an 'Rialachán atá beartaithe')[2].

---

[1] Sa doiciméad seo, tá comhairle dlí atá faoi chosaint le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus gan a bheith curtha ar fáil ag Comhairle an Aontais Eorpaigh don phobal. Forchoimeádann an Chomhairle na cearta uile atá aici sa dlí maidir leis an doiciméad a fhoilsiú gan údarú.

[2] 8115/21.

2. Ag an gcruinniú den Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise an 7 Aibreán 2022, rinne Seirbhís Dlí na Comhairle idiragairt maidir le hoiriúnacht an dá bhunús dlí (Airteagail 16 agus 114 CFAE) don Rialachán atá beartaithe maidir le córais intleachta saorga ('córais IS'). Deimhníodh sna míniúcháin gurb iad Airteagal 16 agus Airteagal 114 CFAE na bunúis chearta dlí don togra agus nach bhfuil sé oiriúnach dul ar iontaoibh Airteagal 87(2) CFAE in ionad Airteagal 114 CFAE. Ar iarratas ón Meitheal, leis an tuairim seo, leagtar amach i scríbhinn agus forbraítear a thuilleadh an idiragairt a rinne ionadaí Sheirbhís Dlí na Comhairle ag an gcruinniú sin.

3. Sainmhínítear córais IS in Airteagal 3(1) den Rialachán atá beartaithe. Go ginearálta, is ionann iad agus cineálacha áirithe bogearraí. Tá feidhm ag an Rialachán atá beartaithe maidir le soláthraithe a chuireann córais IS ar an margadh agus maidir le soláthraithe a chuireann córais IS i mbun seirbhíse. Ina theannta sin, tá feidhm freisin ag an Rialachán atá beartaithe maidir le húsáideoirí. Féadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach nó údarás poiblí/comhlacht a fhorbraíonn córas IS nó a bhfuil córas IS forbartha aige d'fhonn é a chur ar an margadh nó a chur i mbun seirbhíse faoina ainm nó faoina thrádmharc féin a bheith ina sholáthraí. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó aon chomhlacht eile a bhfuil córas IS á úsáid aige faoina údarás féin a bheith ina úsáideoir.

PUBLIC

4. Faoi na sainmhínithe in Airteagal 3, d'fhéadfadh údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha cáiliú mar sholáthraithe agus/nó mar úsáideoirí córais IS. Faoi Iarscríbhinn III, tugtar aicme ardriosca ar chórais IS arb é forfheidhmiú an dlí nó riaradh an cheartais an chríoch atá beartaithe dóibh, mar a shainítear ag an soláthraí. Dá réir sin, tá siad faoi réir ceanglas fíor-riachtanach (bainistiú riosca, tástáil, rialachas sonraí, doiciméadacht theicniúil, trédhearcacht, formhaoirseacht dhaonna, cruinneas, stóinseacht agus cibearshlándáil) agus faoi réir oibleagáidí (amhail córais bainistíochta cáilíochta, doiciméadacht theicniúil, measúnú comhréireachta, gníomhaíochtaí ceartaitheacha, dualgas maidir le faisnéis, oibleagáidí allmhaireoirí agus dáileoirí) chomh maith le caighdeáin agus measúnú comhréireachta. Tá na rialacha comhchuibhithe sin bunaithe ar na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le sábháilteacht táirgí i dTreoir 2006/42/CE (innealra)[3] agus Rialachán 2017/745 (feistí leighis)[4].

5. Maidir le córais IS lena mbaineann úsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, cumhdaítear iad faoi chatagóir na gcóras IS toirmiscthe. Tá an toirmeasc sin ar úsáid córas IS faoi réir eisceachtaí, áfach. Go deimhin, d'fhéadfadh sé go n-údaródh nó ná n-údaródh na Ballstáit úsáid na gcóras sin. Má údaraítear iad, tá siad faoi réir srianta agus coimircí mionsonraithe chun a n-úsáid a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach, agus chun caomhnú a dhéanamh ar an gceart bunúsach go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. Foráiltear do na srianta agus na coimircí sin sa Rialachán atá beartaithe ar bhonn Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus ní mór iad a chomhlánú leis an dlí náisiúnta. Is *lex specialis* iad Airteagail 5(1)(d), (2), (3) agus (4) den Rialachán atá beartaithe do Threoir 2016/680 (an treoir maidir le cosaint sonraí i réimse fhorfheidhmiú an dlí 'LED') a glacadh ar bhonn Airteagal 16(2) CFAE.

3 Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE, IO L 157, 9.6.2006, lgh. 24-86.

4 Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle, IO L 117, 5.5.2017, lgh. 1-175.



PUBLIC

I gcomhréir le hAirteagal 5(1)(d), tá cuspóirí na gcóras sin teoranta don mhéid seo a leanas:

i) cuardach spriocdhírithe ar íospartaigh shonracha coireachta a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear leanaí ar iarraidh;

ii) garbhagairt shonrach shubstaintiúil láithreach ar bheatha nó ar shábháilteacht fhisiciúil daoine nádúrtha nó ionsaí sceimhlitheoireachta a chosc;

iii) déantóir ciona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal 2(2) den Chinneadh maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach[5], nó duine atá faoi dhrochamhras ina leith a bhrath, a logánú, a shainaithint nó a ionchúiseamh, ar cion is inphionóis sa Bhallstát lena mbaineann le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse trí bliana, ar a laghad, agus mar a shainmhínítear i ndlí an Bhallstáit sin

De bhun Airteagal 5(3), ní mór úsáid na dteicneolaíochtaí sin chun chríoch fhorfheidhmiú an dlí a bheith faoi réir réamhúdarú ó údarás breithiúnach nó riaracháin. Mar sin féin, i gcás práinne a bhfuil bonn cirt leis, féadfar tús a chur le húsáid an chórais gan údarú agus féadfar an t-údarú a iarraidh le linn nó i ndiaidh na húsáide.

De bhun Airteagal 5(4), féadfaidh Ballstát a chinneadh úsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí a údarú agus na rialacha mionsonraithe is gá a shainiú maidir leis an réamhúdarú a iarraidh, a eisiúint agus a fheidhmiú chomh maith leis na cionta coiriúla gaolmhara.

6. Is iad Airteagail 16 CFAE (cosaint sonraí pearsanta) agus 114 CFAE (feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh) bunúis dlí an Rialacháin atá beartaithe. Dá bhrí sin, tagann an cheist chun cinn i dtaca le hoiriúnacht na mbunús dlí sin i ndáil leis na rialacha comhchuibhithe is infheidhme maidir le córais IS arna soláthar nó arna n-úsáid ag údaráis forfheidhmithe dlí agus ag údaráis bhreithiúnacha.

---

[5] Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit, IO L 190, 18.7.2002, lch. 1.



PUBLIC

7. Sa tuairim seo, dírítear ar dtús ar oiriúnacht bhunús dlí Airteagal 114 CFAE, i gcomhthéacs ar leith na n-údarás forfheidhmithe dlí a luaitear i roinnt forálacha den Rialachán atá beartaithe i.e. i ndáil le cianchórais sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, agus córais IS ardriosca dá dtagraítear i bpointe 6 d'Iarscríbhinn III. Dá bhrí sin, tugtar aghaidh inti ar an tsaincheist maidir le cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh Airteagal 87(2) CFAE (comhar póilíneachta) ina bhunús dlí níos iomchuí chun soláthar agus úsáid córas IS ag údaráis forfheidhmithe dlí a chumhdach, in ionad Airteagal 114 CFAE (Roinn II). Ar an gcaoi chéanna, féadfar cur i gcrích an nóta seo a chur i bhfeidhm maidir leis na húdaráis bhreithiúnacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a bhaineann le córais IS ardriosca.

8. Tugtar aghaidh sa nóta seo freisin ar oiriúnacht bhunús dlí breise Airteagal 16 CFAE, agus ar chur i bhfeidhm Phrótacal 21 agus Phrótacal 22 i gcomhthéacs cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' a úsáid i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí (Roinn III).



PUBLIC

## II. OIRIÚNACHT BHUNÚS DLÍ AIRTEAGAL 114 CFAE

9. De réir an chásdlí sheanbhunaithe, ní ar áitiús na hinstitiúide maidir leis an gcuspóir atáthar a shaothrú a bhraitheann an bunús dlí a bhíonn le gníomh de chuid an Aontais; ní mór an bunús dlí a chinneadh de réir critéir oibiachtúla atá in-athbhreithnithe go breithiúnach, lena n-áirítear, go háirithe, aidhm agus inneachar an bhirt. I gcás ina léirítear le scrúdú a dhéantar ar bheart go bhfuil dhá chuspóir á saothrú leis nó go bhfuil dhá chomhpháirt aige agus má bhíonn ceann amháin díobh sin inaitheanta mar phríomhchuspóir nó mar phríomh-chomhpháirt an bhirt, cé nach mbíonn sa cheann eile ach cuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an beart sin a bheith bunaithe ar bhunús aonair dlí, eadhon an bunús sin a cheanglaítear leis an bpríomhchuspóir nó leis an bpríomh-chomhpháirt. Ar bhonn eisceachtúil amháin, má shuitear go bhfuil roinnt cuspóirí á saothrú leis an ngníomh go comhuaineach, agus dlúthbhaint eatarthu, gan ceann amháin acu a bheith tánaisteach ná neamhdhíreach i ndáil leis an gceann eile, féadfar gníomh den chineál sin a bhunú ar na bunúis dlí comhfhreagracha éagsúla, ach amháin má fhorordaítear leis na bunúis dlí sin nósanna imeachta atá ag teacht salach ar a chéile. Ba cheart a thabhairt ar aird freisin go soiléirítear sa chéad abairt d'Airteagal 114(1) CFAE go bhfuil feidhm ag forálacha an Airteagail '[a]*ch amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí*'. Dá réir sin, ní thabharfar údar le húsáid Airteagal 114 CFAE ach amháin mura mbeidh foráil níos sonraí ann ar féidir gurb é an bunús dlí chun an beart atá i gceist[6] a ghlacadh. Má tá foráil níos sonraí sa Chonradh ar féidir gurb é an bunús dlí don bheart atá i gceist, ní mór an beart sin a bheith bunaithe ar an bhforáil sin[7].

[6] Tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle an 17 Bealtaine 2016, 9007/16, mír 6.
[7] Breithiúnas an 29 Aibreán 2004, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-338/01, AE:C:2004:253, mír 60.



PUBLIC

## A. AIDHM AN RIALACHÁIN ATÁ BEARTAITHE

10. Leis an Rialachán atá beartaithe, déantar comhchuibhiú ar chineál áirithe bogearraí (córais IS) a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid. Níl an fíoras go bhféadfadh údaráis phoiblí agus oibreoirí príobháideacha a bheith ina soláthraithe nó ina n-úsáideoirí na gcóras IS sin ar neamhréir *per se* le bunús dlí Airteagal 114 CFAE[8].

11. Thairis sin, ní leor údaráis forfheidhmithe dlí nó iad siúd atá ag gníomhú thar a gceann a bheith i measc sholáthraithe nó úsáideoirí na gcóras IS sin chun údar a thabhairt le dul ar iontaoibh bhunús dlí Airteagal 87 CFAE. Ní mór anailís a dhéanamh ar aidhm agus inneachar an Rialacháin atá beartaithe chun a chinneadh an bhfuil gá leis sin.

12. Is é is aidhm don Rialachán atá beartaithe go ginearálta, lena n-áirítear maidir le cianchórais sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, agus córais IS ardriosca, leibhéal comhsheasmhach ard cosanta a áirithiú ar fud an Aontais agus, ag an am céanna, éagsúlachtaí a chosc ó bhac a chur ar shaorghluaiseacht córas IS agus táirgí agus seirbhísí gaolmhara laistigh den mhargadh inmheánach. Leagtar síos leis oibleagáidí aonfhoirmeacha d'oibreoirí agus ráthaíonn sé cosaint aonfhoirmeach do chúiseanna sáraitheacha a bhaineann le leas an phobail agus do chearta daoine ar fud an mhargaidh inmheánaigh (Aithris 2). Go sonrach, leagtar síos rialacha leis an Rialachán atá beartaithe lena rialaítear cur ar an margadh agus cur i mbun seirbhíse córas áirithe IS, agus sa dóigh sin dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus a ligean do na córais sin tairbhe a bhaint as prionsabal na saorghluaiseachta earraí agus seirbhísí (Aithris 5). Ar an iomlán, féachtar leis an togra IS iontaofa a bhunú trí dhearadh, a bheidh infheidhme i ngach réimse, agus sraith iomlán rialacha a bhunú maidir le forbairt, margú agus úsáid táirgí, seirbhísí agus córas atá dírithe ar IS. Ós rud é go bhfuil IS le feiceáil i líon mór seirbhísí agus táirgí cheana féin agus go leanfar leis sin amach anseo, leanann an togra loighic an mhargaidh inmheánaigh trí 'chreat sábháilteachta táirgí' a leagan amach atá bunaithe ar shraith de cheithre chatagóir riosca. Forchuireann sé ceanglais maidir le bealach isteach sa mhargadh agus deimhniú ar chórais IS ardriosca trí nós imeachta éigeantach mharcáil comhréireachta CE.

---

8 Féach Tuairim Dhlíthiúil Sheirbhís Dlí na Comhairle ( 11395/14 pointí 39 go 41) agus fasaigh amhail Treoir (AE) 2016/2102, Treoracha 2014/24/AE, 2014/25/AE agus 2014/23/AE.



PUBLIC

13. Ní thagraíonn aon cheann d’aidhmeanna sonraithe an Rialacháin atá beartaithe do chuspóirí slándála poiblí a áirithiú. Fiú má tá cuspóirí slándála poiblí le comhlíonadh go hindíreach tríd an bpróiseas comhchuibhithe maidir le córais IS a chur ar an margadh/a chur i mbun seirbhíse/a úsáid ag údaráis forfheidhmithe dlí, luaigh an Chúirt[9], agus Airteagal 87(2) CFAE á léirmhíniú aici i bhfianaise Airteagal 67 CFAE, chun go mbeadh gníomh de chuid an Aontais, ag féachaint dá chuspóir agus dá inneachar, bunaithe ar an airteagal roimhe seo, nach mór dó a bheith nasctha go díreach leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 67 CFAE (i.e. sa chás seo, cosc ar an gcoireacht agus comhar póilíneachta). Eisiatar é sin i gcomhthéacs an Rialacháin atá beartaithe, ós rud é gurb iad na rialacha comhchuibhithe maidir le húsáid na gcóras sin ag údaráis forfheidhmithe dlí amháin (1) rialacha maidir le sábháilteacht táirgí a bhfuil feidhm aonfhoirmeach acu maidir le gach soláthraí agus úsáideoir maidir le córais IS a chur ar an margadh/a chur i mbun seirbhíse nó a úsáid nó (2) rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta ar cuireadh bunús dlí Airteagal 16 CFAE leis (féach Cuid III thíos).

14. I gcás eile[10], cé gurbh é cuspóir an leasaithe ar an Treoir maidir le hAirm Thine leibhéal níos airde slándála poiblí a áirithiú i ndáil leis an mbagairt sceimhlitheoireachta agus cineálacha eile coireachta, chinn an Chúirt go bhfuil comhchuibhiú na ngnéithe a bhaineann le sábháilteacht earraí ar cheann de na gnéithe riachtanacha d’fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, agus rialacha difriúla sa réimse sin a bheith ina rialacha éagsúla chun bacainní trádála a chruthú[11].

---

9 Breithiúnas an 6 Bealtaine 2014, *an Coimisiún Eorpach v Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-43/12, EU:C:2014:298.

10 Breithiúnas an 3 Nollaig 2019, *Poblacht na Seice v Parlaimint na hEorpa*, C- 482/17, EU:C:2019:1035.

11 Ibid., mír 57: ‘*Ós rud é go bhfuil sainiúlacht na n-arm tine le sonrú, contrártha leis an méid a mhaíonn Poblacht na Polainne, sa chontúirt a bhaineann leo ní hamháin d’úsáideoirí ach don phobal i gcoitinne freisin, mar a chinn an Chúirt i mír 54 de bhreithiúnas an 23 Eanáir 2018, Buhagiar agus Eile, C 267/16, EU:C:2018:26, tá breithnithe sábháilteachta poiblí bunriachtanach, mar a mheabhraítear sa chúigiú haithris de Threoir 91/477, i gcomhthéacs na rialacha maidir le fáil agus seilbh na n-earraí sin*’. Féach freisin Breithiúnas an 23 Eanáir 2018, *Albert Buhagiar agus Eile v an tAire Dlí agus Cirt*, C-267/16, EU:C:2018:26, mír 54: ‘*I ndáil leis sin, ní mór a shonrú, i bhfianaise an riosca a bhaineann le hairm thine do shábháilteacht daoine , nach bhféadfaí a saorghluaiseacht a bhaint amach ach amháin trí choinníollacha dochta a leagan síos maidir lena n-aistriú idir na Ballstáit, arb é ceann amháin acu an prionsabal go bhfuil réamhúdarú le heisiúint ag na Ballstáit lena mbaineann aistriú na n-earraí sin*’.



PUBLIC

15. Níl baint dhíreach ag cuspóirí an Rialacháin atá beartaithe, lena n-áirítear Airteagal 5(1)(d), (2), (3) agus (4) maidir le húsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí ‘fíor-ama’ i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí ná na forálacha a bhaineann le córais IS ardriosca dá dtagraítear i bpointe 6 d’Iarscríbhinn III le cuspóir slándála poiblí. Os a choinne sin, freagraíonn an togra do na príomhábhair imní a bhaineann leis an gcaoi a ndéanann córais IS difear don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha. Dá bhrí sin, tá na forálacha ábhartha nasctha go díreach leis an gcuspóir cothrom na Féinne a áirithiú maidir le córais IS a chur ar an margadh/a chur i mbun seirbhíse nó a úsáid sa mhargadh inmheánach, agus sláinte, sábháilteacht agus cearta bunúsacha úsáideoirí á gcosaint ag an am céanna.

PUBLIC

16. I bhfianaise an mhéid thuas, is é príomhchuspóir an Rialacháin atá beartaithe feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh de réir bhrí Airteagal 114 CFAE agus níl na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 67 CFAE nasctha ach go hindíreach agus go teagmhasach leis an bpríomhchuspóir sin.

## B. <u>INNEACHAR AN RIALACHÁIN ATÁ BEARTAITHE</u>

17. Go bunúsach, tá rialacha sa Rialachán atá beartaithe maidir leis an méid is gá chun táirge sonrach (bogearraí IS) a chur ar an margadh (nó chun é a chur i mbun seirbhíse) chun a áirithiú go bhfuil sé sábháilte agus go n-urramaítear cearta bunúsacha leis. Leagtar amach ann tacar iomlán rialacha maidir le forbairt, margú agus úsáid táirgí, seirbhísí agus córas atá á dtiomáint ag IS. Leis an Rialachán atá beartaithe, ní chuirtear d’oibleagáid ar údaráis forfheidhmithe dlí úsáid a bhaint as córas IS a chuirtear ar an margadh go dleathach, ná ní rialaítear leis go díreach conas ba cheart d’údaráis forfheidhmithe dlí úsáid a bhaint as córas IS den sórt sin. Ina ionad sin, déantar cásanna ina meastar go mbaineann ardriosca leis an úsáid atá beartaithe a theorannú go soiléir toisc go n-úsáidfidh údaráis forfheidhmithe dlí nó údaráis bhreithiúnacha córas IS.

18. Go teagmhasach, tá rialacha in Airteagal 29 den Rialachán atá beartaithe maidir leis na coinníollacha chun córais IS ardriosca a úsáid ach níl foráil den sórt sin earnáilsonrach, tá raon feidhme teoranta aige (maidir le treoracha le haghaidh úsáid an táirge den chuid is mó) agus tá dlúthnasc aici leis na hoibleagáidí a chuirtear ar fhorbróirí córais IS faoin Rialachán atá beartaithe. Tugann sé saoirse do na Ballstáit freisin foráil a dhéanamh maidir le rialacha breise maidir le húsáid na gcóras IS ardriosca sin. Maidir le cianchórais sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu agus a úsáidtear chun críoch fhorfheidhmiú an dlí (Airteagal 5), rialaítear go páirteach leis an Rialachán atá beartaithe úsáid na gcóras sin ó thaobh na cosanta sonraí de ar bhonn Airteagal 16 CFAE (féach cuid III thíos).

19. Ina theannta sin, is iad na Ballstáit amháin a fhéadfaidh foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht úsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' den sórt sin a údarú go hiomlán nó i bpáirt. Tá na coinníollacha sonracha maidir le húsáid den sórt sin fós le leagan síos sa dlí náisiúnta ach ní mór dóibh na critéir agus na coimircí ginearálta a leagtar amach sa Rialachán a urramú: réamhúdarú breithiúnach nó riaracháin, réamhúdarú a iarraidh, a eisiúint agus a fheidhmiú chomh maith le léiriú ar na cionta coiriúla a bhféadfar na córais sin a úsáid ina leith.

PUBLIC

20 Is cineál bogearraí ar leith córais IS. Na rialacha comhchuibhithe is infheidhme maidir le córais IS a chur ar an margadh nó a chur i mbun seirbhíse/a úsáid, is cosúil iad le rialacha sábháilteachta táirgí comhchuibhithe. Bíonn feidhm aonfhoirmeach acu gan idirdhealú a dhéanamh idir úsáideoirí poiblí agus príobháideacha. De réir na n-aithrisí ábhartha den rialachán atá beartaithe, ba cheart ardleibhéal comhsheasmhach cosanta a áirithiú ar fud an Aontais dá bhrí sin. Ag an am céanna, ba cheart na héagsúlachtaí a chuireann bac ar shaorchúrsaíocht córais IS agus táirgí agus seirbhísí gaolmhara laistigh den mhargadh inmheánach a chosc. Bhainfí an méid sin amach trí oibleagáidí aonfhoirmeacha a leagan síos d'oibreoirí agus trí chosaint aonfhoirmeach a ráthú do chúiseanna sáraitheacha leasa phoiblí agus do chearta daoine ar fud an mhargaidh inmheánaigh bunaithe ar Airteagal 114 CFAE.[12]

PUBLIC

20. Tá roinnt tagairtí sa rialachán atá beartaithe d'fhorfheidhmiú an dlí, do bhainistiú rialaithe teorann agus do riar an cheartais in Iarscríbhinn III maidir le córais IS ardriosca (míreanna 6, 7 agus 8 faoi seach). Áirítear orthu sin áireamh mionsonraithe uileghabhálach a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 6(2) sa bhreis ar chórais ardriosca eile maidir le rioscaí sábháilteachta táirgí dá dtagraítear in Airteagal 6(1). Go deimhin, de réir Airteagal 6(1), meastar gur córais ardriosca de réir sainmhínithe iad roinnt córas IS mar gheall ar a ndéine agus ar na hardrioscaí a mheastar a bheidh ag baint leo do chearta bunúsacha, don tsláinte agus don tsábháilteacht. Ar na córais eile a mheastar ardriosca a bheith ag baint leo agus a liostaítear in Iarscríbhinn III áirítear córais oideachas, bainistiú bonneagar criticiúil, fostaíocht, sainaithint agus catagóiriú bhithmhéadrach chomh maith le rochtain ar sheirbhísí riachtanacha poiblí agus príobháideacha.

---

[12] Dá bhrí sin, tá gá le creat dlíthiúil de chuid an Aontais lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga chun forbairt, úsáid agus glacadh na hintleachta saorga a chothú sa mhargadh inmheánach agus, ag an am céanna, ardleibhéal cosanta maidir le leasanna poiblí a bhaint amach, amhail an tsláinte agus an tsábháilteacht agus cosaint na gceart bunúsach, mar a aithnítear agus a chosnaítear faoi dhlí an Aontais. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart rialacha a leagan síos lena rialaítear cur ar an margadh agus cur i mbun seirbhíse córas IS áirithe, agus sa dóigh sin dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus a ligean do na córais sin tairbhe a bhaint as prionsabal na saorghluaiseachta earraí agus seirbhísí (féach Aithrisí 2 agus 5 den togra).

21. Mar sin féin, ní fhoráiltear leis na rialacha sin maidir le córais IS ardriosca cé acu ba cheart nó nár cheart d'údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha (nó údaráis sna réimsí eile a shainaithnítear) na córais sin a úsáid. Is go hindíreach amháin a bheidh tionchar ag an Rialachán atá beartaithe ar fhorbairt iarbhír na gcóras IS a d'fhéadfadh údaráis forfheidhmithe dlí a úsáid, agus ar na córais IS a n-úsáidtear faoi láthair agus a n-úsáidfear amach anseo. Dá bhrí sin, tagraíonn na rialacha do chórais IS atá 'ceaptha lena n-úsáid' ag na húdaráis sin (féach, mar shampla, Airteagail 3(12) agus 8(2) agus Iarscríbhinn III). Is é an toradh atá ar chóras IS áirithe a liostú mar chóras ardriosca ná sraith shonrach rialacha maidir le bainistiú riosca, rialachas sonraí agus sonraíochtaí teicniúla a chur i bhfeidhm. Ní mór d'úsáideoirí na gcóras IS ardriosca sin na treoracha úsáide a urramú, logaí a choinneáil agus measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh.

22. Thairis sin, féadfar oibleagáidí úsáideoirí, seachas na hoibleagáidí sin a bhaineann leis na treoracha úsáide, a leagan síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta agus gan dochar do lánrogha an úsáideora a acmhainní agus a ghníomhaíochtaí féin a eagrú chun na bearta formhaoirseachta daonna arna gcur in iúl ag an soláthraí a chur chun feidhme (Airteagal 29(2) den Rialachán atá beartaithe). Foráiltear leis na rialacha sin do choimircí breise maidir le cearta bunúsacha do chórais IS ardriosca.

PUBLIC

23. I bhfianaise an mhéid thuas, ba cheart a chur i dtreis nach bhfuil rialacha sa Rialachán atá beartaithe arb é is aidhm dóibh ceadú d'údaráis forfheidhmithe dlí córas IS ardriosca a chuirtear ar an margadh a úsáid ná an úsáid sin a chosc. De thoradh na rialacha atá beartaithe, cuirfear lipéad ar leith (ardriosca) i bhfeidhm maidir le córas IS arna fhorbairt nó arna úsáid ag údaráis forfheidhmithe dlí de réir an úsáid atá beartaithe dó. Dhéanfaí an úsáid sin a rialú faoin dlí náisiúnta agus, go pointe áirithe, a chinneadh ag na húdaráis forfheidhmithe dlí féin. Go deimhin, leis an rialachán atá beartaithe, leagtar síos íoschoinníollacha úsáide in Airteagal 29 (atá teoranta do threoracha úsáide) le haghaidh na gcóras IS ardriosca, lena n-áirítear iad siúd a liostaítear i míreanna 6, 7 agus 8 d'Iarscríbhinn III, a chomhlánófar leis an dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart idirdhealú a dhéanamh, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte, idir aidhm bheartaithe an Rialacháin atá beartaithe, gan rialáil a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann údaráis forfheidhmithe dlí as córais IS, de pháirt, agus, den pháirt eile, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige go hindíreach[13] atá neamhábhartha chun anailís a dhéanamh ar oiriúnacht an bhunúis dlí.

24. Níl míreanna 6, 7 agus 8 (maidir le forfheidhmiú an dlí, imirce agus riar an cheartais faoi seach) ceannasach i measc na gcóras IS ardriosca. Go deimhin, faoin Rialachán atá beartaithe, ní gá gur córas IS ardriosca córas a liostaítear in Iarscríbhinn III. Tá formhór na gcóras ardriosca liostaithe go cineálach in Airteagal 6(1)(a) agus (b) den Rialachán atá beartaithe (maidir le sábháilteacht táirgí). Liostaítear córais IS ardriosca eile in Iarscríbhinn III ina bhfuil mír 1 (sainaithint bhithmhéadrach), mír 2 (bonneagar criticiúil), mír 3 (oideachas agus gairmoiliúint), agus mír 4 (fostaíocht, bainistiú oibrithe agus rochtain ar fhéinfhostaíocht) a bhaineann le réimsí eile seachas Ceartas agus Gnóthaí Baile ('CGB'). Tá úsáideoirí uile na gcóras IS ardriosca sin faoi réir córas aonfhoirmeach arna bhunú ó thaobh sláinte, sábháilteacht agus cearta bunúsacha a chosaint seachas bunaithe ar a stádas sonrach (amhail más oibreoir eacnamaíoch nó údarás poiblí iad).

13 Féach breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Meitheamh 2018, *Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-5/16, AE:C:2018:483 míreanna 63 go 68, agus an breithiúnas ón gCúirt an 22 Meitheamh 2022, *Leistritz AG v LH*, C-534/20, AE:C:2022:495 mír 28.



PUBLIC

25. Dá bhrí sin, tá rialacha comhchuibhithe sa Rialachán atá beartaithe maidir le córais IS a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid, bídís á n-úsáid ag oibreoirí príobháideacha nó ag údaráis phoiblí lena n-áirítear, go teagmhasach[14], údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha.

26. Agus úsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, úsáid atá faoi réir rialacha sonracha maidir le próiseáil sonraí pearsanta (féach Cuid III thíos), á cur i leataobh, níl aon rialacha comhchuibhithe sa Rialachán atá beartaithe maidir le húsáid córas intleachta saorga ardriosca. Mar a mhínítear i míreanna 18 agus 19 thuas, baineann an tagairt d'úsáid córas intleachta saorga ardriosca go bunúsach leis na treoracha maidir le húsáid an táirge (Airteagal 29) agus tá sí nasctha leis na hoibleagáidí a chuirtear ar fhorbróirí. Mar a luaitear i mír 22, is faoin dlí náisiúnta agus faoi na húdaráis náisiúnta atá an cinneadh maidir le cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh údaráis forfheidhmithe dlí nó údaráis bhreithiúnacha úsáid a bhaint as córas intleachta saorga ardriosca a chuirtear ar an margadh go dleathach faoin Rialachán atá beartaithe.

27. Dá bhrí sin, ní bunús dlí iomchuí don Rialachán atá beartaithe é Airteagal 87(2) CFAE, go háirithe pointe (a) de. Ní chuireann na rialacha sa togra bailiú, stóráil, próiseáil, anailísiú ná malartú faisnéise ábhartha chun cinn ná ní chuireann siad bac uirthi. Go simplí, nuair a dhéanann údaráis forfheidhmithe dlí gníomhaíochtaí den sórt sin, ní mór roinnt coinníollacha neamhshonracha comhchuibhithe a urramú chun cearta úsáideoirí a chosaint. Ar an gcaoi chéanna, ní áirítear forbairt teicnící comhchoiteanna imscrúdaitheacha in aidhmeanna sonraithe an Rialacháin atá beartaithe. Ní bhaineann na ceanglais atá beartaithe maidir le húsáid córas IS ardriosca go sonrach le réimse CGB, agus ní bhaineann siad le comhar póilíneachta *stricto sensu* mar a shainítear in CFAE.

[14] Féach an Tuairim ón gCúirt, maidir le *Coinbhinsiún Iostanbúl*, A-1/19, AE:C:2021:198, go háirithe míreanna 298 agus 301 di.



PUBLIC

28. I ndáil le forálacha Airteagal 5(4) den Rialachán atá beartaithe, féadfaidh an Ballstát a chinneadh fós úsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí. I gcás ina gcinneann sé amhlaidh, tá sé de dhualgas ar an mBallstát na rialacha mionsonraithe is gá a leagan amach chun an réamhúdarú a iarraidh, a eisiúint agus a fheidhmiú chomh maith leis na cionta coiriúla gaolmhara a bhfuil a n-úsáid údaraithe chun iad a imscrúdú nó a ionchúiseamh[15]. Ar bhonn an mhéid a d'eascair as an bplé sa Chomhairle, ní dheonófaí cumhachtaí nua do na húdaráis náisiúnta faoi seach mar thoradh ar na rialacha atá beartaithe. Ina ionad sin, déantar úsáid sásraí atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a theorannú d'fhonn cosaint an chirt chun príobháideachais agus sonraí pearsanta a áirithiú.

29. I bhfianaise an mhéid thuas, is é Airteagal 114 CFAE an t-aon bhunús dlí iomchuí le haghaidh rialacha comhchuibhithe maidir le córais IS ardriosca, lena n-áirítear na rialacha sin a úsáideann údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha, agus níl údar maith le haon bhunús dlí CGB i dTeideal V de Chuid a Trí CFAE, amhail Airteagal 87 CFAE i ndáil leis na rialacha comhchuibhithe sin ná níl sé iomchuí.

---

15 Is fiú a lua go mbaineann saintréithe áirithe le hAirteagal 5(4) den togra atá cosúil le hAirteagal 15(1) de Threoir 2002/58 maidir le r-phríobháideachas. Go háirithe, déantar foráil ann maidir leis an bhféidearthacht do na Ballstáit maolú ar thoirmisc áirithe a leagtar amach i ndlí an Aontais. I bhfianaise an chásdlí shocair, is gá go dtiocfaidh na forálacha náisiúnta arb é is aidhm dóibh maolú ón toirmeasc sin faoi raon feidhme dhlí an Aontais, rud a spreagfaidh, dá réir sin, cur i bhfeidhm na Cairte ina leith.



PUBLIC

## III. OIRIÚNACHT AIRTEAGAL 16 CFAE MAR BHUNÚS DLÍ BREISE

30. Sa Rialachán atá á bheartú, áirítear Airteagal 16 CFAE mar bhunús dlí, i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil i réimse fhorfheidhmiú an dlí áirítear ina Aithrisí 25 agus 26 tagairt d'Airteagal 6a de Phrótacal 21 agus d'Airteagal 2a de Phrótacal 22 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil i réimse chosc na coireachta. Is é tuairim an Choimisiúin nach bhfuil Airteagal 16 CFAE ceaptha a bheith ina bhunús dlí ach amháin do na forálacha lena gcuirtear srianta ar shonraí pearsanta bithmhéadracha a phróiseáil, ar bhealach comhlántach i gcomparáid le Treoir 2016/680 ('Treoir LED'). Foirmlítear Airteagal 5(1)(c) mar thoirmeasc i bprionsabal, agus trí eisceacht ann a bhfuil feidhm acu maidir leis. Go nithiúil, tá toirmeasc ar chianchórais sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' a úsáid chun críche fhorfheidhmiú an dlí i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu ach amháin má tá géarghá leis sin chun (a) cuardaigh spriocdhírithe a dhéanamh ar íospartaigh ionchasacha na coireachta, (b) ionsaí sceimhlitheoireachta nó ionsaí ar shláine/saol duine atá ar tí tarlú a chosc, (c) déantóir coire tromchúisí nó duine atá faoi dhrochamhras i ndáil le coir thromchúiseach a aimsiú nó a shainaithint nó a ionchúiseamh (agus tagairt á déanamh don Bharántas Gabhála Eorpach). Tá ceanglais bhreise in Airteagal 5(2), (3) agus (4) ag gabháil leis an úsáid shonrach sin a bhaineann údaráis forfheidhmithe dlí as córais intleachta saorga, go háirithe measúnú ar riachtanas agus comhréireacht, réamhúdarú (ach amháin i gcásanna éigeandála), agus cinneadh ó na Ballstáit cé acu a údarófar nó nach n-údarófar ar bhonn náisiúnta úsáid shonrach uirlisí intleachta saorga sna cásanna sin.

31. Is foráil mhionsonraithe é Airteagal 5 lena rialaítear úsáid shonrach uirlisí intleachta saorga, foráil lena bhféachtar, ní hamháin le creat reachtach an Aontais atá ann cheana a fhorlíonadh (Treoir LED, creat atá bunaithe ar Airteagal 16 CFAE), ach lena gceanglaítear freisin creat náisiúnta cur chun feidhme.

PUBLIC

32. Go substaintiúil, in ainneoin go ndearnadh í a fhoirmliú mar thoirmeasc, d'fhéadfá a rá gurb é atá sa riail shonrach in Airteagal 5 ná riail lena leagtar amach dianchreat eisceachtúil maidir le faireachán ginearálaithe 'fíor-ama' a bheith á dhéanamh le hionstraimí intleachta saorga ar dhaoine aonair i spásanna oscailte chun iad a shainaithint. Tá níos mó i gceist leis an toirmeasc ná díreach ceamaraí a úsáid chun taifeadadh a dhéanamh, agus tagraítear ann d'úsáid uirlisí intleachta saorga chun gnéithe an duine a aithint go huathoibríoch i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu (gnéithe amhail an aghaidh ach coisíocht, sonraí méarlorg, DNA, guth, eochairbhuillí agus comharthaí bithmhéadracha nó iompraíochta eile freisin). Tugtar le tuiscint leis freisin go ndéanfar daoine a ghabháil agus a shainaithint trí chomparáid/seiceáil a dhéanamh ar shonraí. Ina theannta sin, ní mór measúnú a dhéanamh ar an riail freisin ós rud é go bhféadfaí sainaithint 'fíor-ama' arna déanamh ag úsáideoirí príobháideacha i spásanna poiblí a cheadú freisin (i gcás imeachtaí cosúil le cluichí sacair).

33. Sna soiléirithe breise a thug an Coimisiún, léirítear, dealraíonn sé, nach bhfuil an tsaincheist shonrach sin rialáilte ag aon Bhallstát nó nach bhfuil sí rialáilte ach ag líon beag Ballstát go dtí seo d'fhonn cead a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí uirlisí intleachta saorga a úsáid chun daoine aonair i spásanna poiblí a bhrath 'i bhfíor-am'. Mar sin féin, i dtéarmaí praiticiúla, cé nár tugadh ar aird aon fhianaise chrua chun a chruthú nach mór na cleachtais agus na huirlisí atá ann cheana a athrú, is cosúil nach mór cur chuige sin an toirmisc/na n-eisceachtaí a áireamh i dteicnící imscrúdaithe, modhanna fóiréinseacha agus rialacha maidir le fianaise a bhailiú amach anseo.

34. Na forálacha lena gcuirtear srianta ar phróiseáil sonraí pearsanta bithmhéadracha ar bhealach comhlántach (i gcomparáid le Treoir LED), is cosúil go saothraítear leo, a mhéid a bhaineann leis an mbunús dlí, an cuspóir sonraí pearsanta a chosaint trí choimircí iomchuí a leagan síos. Tá dlúthbhaint idir an cuspóir sin agus cuspóir na bhforálacha a thagann faoi raon feidhme Airteagal 114 CFAE, gan ceann amháin a bheith tánaisteach ná indíreach le hais an chinn eile. Is é is aidhm don Rialachán atá á bheartú creat ginearálta a leagan síos maidir le córais intleachta saorga agus cur chuige rioscabhunaithe á leanúint. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh coimircí dochta is infheidhme maidir leis an gcóras sonrach intleachta saorga sin i ndáil le brath 'fíor-ama' i gceist i rialáil chothrománach na gcóras intleachta saorga. Dá bhrí sin, tá dlúthbhaint idir córas intleachta saorga den sórt sin ina bhfuil coimircí iomchuí cosanta sonraí pearsanta agus an cuspóir foriomlán maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú agus ní córas tánaisteach ná indíreach é i ndáil leis an margadh inmheánach. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán atá beartaithe a rialú le dhá bhunús dlí i gcomhréir leis an gcásdlí ábhartha (féach mír 9 thuas).

35. Mar sin féin, tá an cheist fós ann maidir leis an mbunús dlí ba cheart a úsáid chun rialáil a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta le haghaidh úsáid na gcóras dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(c) go (4) den Rialachán atá beartaithe. Go deimhin, is bunús dlí é Airteagal 87(2)(a) CFAE le bearta ó sheirbhísí forfheidhmithe dlí i ndáil le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, a mhéid a bhaineann le faisnéis ábhartha a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil, a anailísiú agus a mhalartú.

36. Mar a mhínigh an tAbhcóide Ginearálta sa Tuairim uaidh maidir leis an gcomhaontú PNR le Ceanada (A1/15), ní féidir gaol de chineál ordlathach *'lex generalis – lex specialis'* a bheith ann idir Airteagal 16 CFAE, ar thaobh amháin, agus Airteagail 87(2)(a) agus 82(1)(d) CFAE, ar an taobh eile[16]. Is é Airteagal 16(2) CFAE an t-aon fhoráil amháin a bhfuil feidhm aici maidir le rialacha a bhaineann le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iad i mbun gníomhaíochtaí chun an choireacht a chosc. Ós rud é go dtagraítear in Airteagal 5 do liosta na gcoireanna tromchúiseacha sa Chinneadh Réime maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach, ní athraítear an measúnú sin: ní chiallaíonn an tagairt sin inti féin go bhfuil feidhm ag an gCinneadh Réime sin[17]. Níl ann ach teicníc reachtach chun coireanna tromchúiseacha a liostú gan gá a bheith ann Iarscríbhinn ar leith a chruthú.

37. Is fíor i gcónaí nach ann don riail in Airteagal 5 mar bhealach chun na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na mbeart sin a bhaineann le CGB a shonrú a thuilleadh ach d'fhonn a áirithiú, maidir le haon úsáid a bhainfidh córais intleachta saorga as an sainaithint bhithmhéadrach 'fíor-ama', go bhfreagrófar go leormhaith d'údair imní i dtaca le cearta bunúsacha agus go príomha don ghá le háirithiú go ndéanfar an ceart chun príobháideachais agus na cearta sonraí pearsanta a urramú tráth a mbeidh sonraí bithmhéadracha á mbailiú agus á bpróiseáil.

I ndáil leis an méid sin, níl sé d'aidhm ag an Rialachán nós imeachta nua éigeantach a bhaineann go sonrach le CGB a leagan amach. Fanann sé taobh le modhanna nós imeachta seanbhunaithe chun urraim do chearta bunúsacha a áirithiú.

16 Féach an Tuairim ó AG P. Mengozzi an 8 Meán Fómhair 2016, *Dréacht-chomhaontú idir Ceanada agus an tAontas*, Tuairim 1/15, EU:C:2016:656 míreanna 112 go 120.

17 Maidir leis an liosta sin de choireanna tromchúiseacha a bheith á chur chun feidhme ag na Ballstáit, féach breithiúnas na Cúirte an 21 Meitheamh 2022, *An Léig um Chearta an Duine v Comhairle na nAirí*, C- 817/19, EU:C:2022:65 míreanna 150 go 152.



PUBLIC

38. Más rud é gur bunús dlí breise iomchuí é Airteagal 16 CFAE, ardaítear ceist maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 6a agus 2a de Phrótacail 21 agus 22 faoi seach. Mar a mhínítear in Aithrisí 25 agus 26 den Togra, ciallaíonn sé sin nuair a úsáideann údaráis forfheidhmithe dlí in Éirinn nó sa Danmhairg cianchórais sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun an choireacht a chosc, agus i gcás nach bhfuil Éire ná an Danmhairg faoi cheangal ag na rialacha comhfhreagracha maidir leis an gcomhar póilíneachta nó an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, ní bheidh an dá Bhallstát sin faoi cheangal ag Airteagal 5(1)(d), (2) agus (3) den Rialachán seo atá á bheartú. Ní chiallaíonn sé sin gur rialacha maidir leis an gcomhar póilíneachta atá in Airteagail 5(1)(d), (2) agus (3), rialacha maidir le comhroinnt faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí, mar shampla. Go hachomair, próiseáil na sonraí pearsanta bithmhéadracha i gcomhthéacs ar leith na gcianchóras sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, an phróiseáil sin a dhéantar chun an choireacht a chosc agus chun na críche sin amháin, déantar í a rialáil le hAirteagal 5(1)(d), (2) agus (3) den Rialachán atá á bheartú, ar an gcaoi chéanna le Treoir 2016/680 ('Treoir LED'), ar *lex generalis* é a glacadh ar bhonn Airteagal 16 CFAE. I ndáil leis an méid sin, tá an togra ón gCoimisiún ag teacht leis an gcur chuige a d'úsáid reachtóir an Aontais maidir le Treoir LED, agus, dá bhrí sin, dearbhaítear nach bhfuil údar cuí le dul i muinín Airteagal 87(2) CFAE sa chomhthéacs sin.

39. Sa chás seo, tá údar le hAirteagal 16 CFAE a chur le hAirteagal 114 CFAE ós rud é gurb é Airteagal 5(1)(d), (2) agus (3) amháin a rialaíonn úsáid córais intleachta atá údaraithe agus a chuireann isteach ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, rud atá ina *lex specialis* i dtaca leis an gcreat ginearálta maidir le cosaint sonraí. Rialacha cosanta sonraí *lex specialis* mar sin a dhéanann difear d'úsáid na gcóras intleachta saorga íogair sin, ní féidir a mheas gur rialacha tánaisteacha nó indíreacha iad le hais bhunús dlí an mhargaidh inmheánaigh. Dá bhrí sin, tá údar leordhóthanach le hAirteagal 16 CFAE a chur isteach mar bhunús dlí sa Rialachán atá á bheartú agus ní iomchuí dul i muinín Airteagal 87(2)(a) CFAE.



PUBLIC

## IV. <u>CONCLÚID</u>

40. I bhfianaise an mhéid thuas, tá Seirbhís Dlí na Comhairle den tuairim:

a) Tá údar cuí le dul i muinín Airteagail 16 agus 114 CFAE mar bhunúis dlí don Rialachán atá á bheartú agus is iomchuí an méid sin;

b) Níl údar cuí le dul i muinín Airteagal 87(2) CFAE ná aon bhunús dlí CGB eile ná níl siad iomchuí i ndáil leis na rialacha comhchuibhithe is infheidhme maidir le córais intleachta saorga a fhéadfaidh údaráis forfheidhmithe dlí nó údaráis bhreithiúnacha a sholáthar nó a úsáid.

PUBLIC